Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16066/22**

**FISC 265**
**ECOFIN 1339**
**CODEC 2027**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 717 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an meastóireacht deiridh ar chlár Fiscslis 2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 717 final.

Faoi iamh: COM(2022) 717 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2022
COM(2022) 717 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht deiridh ar chlár Fiscslis 2020**

{SWD(2022) 406 final}

GA GA

## CÚLRA

Bunaíodh an clár Fiscalis 2020 le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lenar bunaíodh clár gníomhaíochta chun '*feabhas a chur ar fheidhmiú cuí na gcóras cánachas sa mhargadh inmheánach tríd an gcomhar idir tíortha rannpháirteacha, a n-údaráis chánach agus a n-oifigigh a fheabhsú*'[1]. Déanann an clár obair leantach ar chláir chomhchosúla roimhe[2]seo. Ó 2014 go 2020, bhí sé ar cheann de na príomhuirlisí a úsáideadh chun tacú le cur chun feidhme comhleanúnach dhlí an Aontais i réimse an chánachais agus chun calaois chánach, imghabháil chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac, trí mhalartú faisnéise a áirithiú, trí thacú le comhar riaracháin agus trí acmhainneacht riaracháin na dtíortha rannpháirteacha a fheabhsú.

I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán, rinne an Coimisiún, agus cúnamh á thabhairt ag meastóirí seachtracha neamhspleácha, dó staidéar chun tacú leis an meastóireacht deiridh ar an gclár, díreach mar a rinneadh leis an meastóireacht mheántéarmach[3]. Cuirtear torthaí mionsonraithe na meastóireachta i láthair sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo agus is iad is bunús leis an tuarascáil sin. Is é is cuspóir don mheastóireacht deiridh measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir ó 2014 go 2020[4] agus ar a mhéid a mhairfidh na torthaí a bhainfear amach san fhadtéarma. Cumhdaíonn raon feidhme na meastóireachta blianta oibríochta an chláir (2014-2020) agus ionchorpraítear ann torthaí na meastóireachta meántéarma a rinneadh in 2018. Déantar measúnú sa mheastóireacht deiridh ar a mhéid a cuireadh na torthaí sin chun feidhme agus ar tháinig feabhsuithe orthu. Chuimsigh an mheastóireacht gach tír rannpháirteach, i.e. Ballstáit an Aontais, tíortha is[5]iarrthóirí (an Albáin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc) agus iarrthóirí ionchasacha (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv*). Cuirtear san áireamh sa mheastóireacht raon iomlán na ngníomhaíochtaí cistithe agus bainistíochta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile (údaráis

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 25.

[2] Bunaíodh an clár Fiscalis 2020 ar chláir a bhí ann roimhe seo. Tugadh Matthaeus-Tax ar an gcéad chlár, cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 1993 agus bhí sé ar siúl go dtí deireadh mhí na Nollag 1995. Fiscalis a tugadh air ansin, agus bhí ceithre chlár Fiscalis ann go dtí seo, lena n-áirítear an ceann a ndearnadh meastóireacht air anseo: an chéad chlár Fiscalis (1998-2002); an dara clár Fiscalis (2003-2007); rinneadh meastóireacht anseo ar an tríú clár Fiscalis (2008-2013) agus ar an gceathrú clár Fiscalis (2014-2020) nó Fiscalis 2020. Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an clár "Fiscalis" chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais ó 2021 go 2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013

[3] Meastóireacht mheántéarma Fiscalis 2020 SWD (europa.eu)

[4] Leanann roinnt de ghníomhaíochtaí chlár Fiscalis 2020 ar aghaidh in 2021 ós rud é gur cuireadh síneadh le formhór na gcomhaontuithe deontais go dtí 2021.

Tharraing[5]an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach agus rinneadh tríú tír di amhail ón 1 Feabhra 2020. Dá bhrí sin, measadh gur tír rannpháirteach de chuid an Aontais é ar feadh an chuid is mó de thréimhse an chláir. San iomlán, tháinig 35 thír faoi chuimsiú Fiscalis 2020: 27 mBallstát an Aontais móide an Ríocht Aontaithe agus í ina Ballstát den Aontas agus ina 7 dtír is iarrthóirí agus is iarrthóirí ionchasacha.

náisiúnta, seirbhísí an Choimisiúin agus oibreoirí eacnamaíocha) ó na tíortha rannpháirteacha uile.

Is é is aidhm don tuarascáil reatha cur i láthair ar thorthaí na meastóireachta deiridh a rinneadh ar na nithe seo a leanas: (i) éifeachtacht, i.e. a mhéid a bhain an clár a chuspóir amach; (ii) éifeachtúlacht, i.e. a mhéid a bhain an clár a chuspóir amach vis-à-vis na hacmhainní a úsáideadh; (iii) comhleanúnachas an chláir le beartais agus tosaíochtaí níos leithne an Aontais; (iv) breisluach na hidirghabhála sin ar leibhéal an Aontais agus an bealach ina ndearna sé difear agus (v) ábharthacht an chláir.

## 1. ÉIFEACHTACHT: A MHÉID A BHAIN AN CLÁR A CHUSPÓIR AMACH

Is é is aidhm don chlár tacú le feidhmiú cuí na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach trí mhalartú faisnéise a áirithiú, trí thacú le comhar riaracháin agus trí acmhainneacht riaracháin na dtíortha rannpháirteacha a fheabhsú, rud a d’fhéadfadh tacú le cur chun feidhme comhleanúnach dhlí an Aontais i réimse an chánachais agus leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach.

Deimhníodh leis an bhfianaise a bailíodh faoin meastóireacht go raibh an Clár Fiscalis 2020 ina **phríomhionstraim** chun tacú leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Bhí an clár ríthábhachtach: A) maidir le **forbairt agus feidhmiú na gcóras faisnéise Eorpach (EIS) lena gcumasaítear** bonn coiteann/comhchuibhithe chun **faisnéis a mhalartú go huathoibríoch agus go slán, nósanna imeachta a chaighdeánú agus a shimpliú**; b) agus réimse leathan gníomhaíochtaí comhpháirteacha á chur ar fáil, ar ghníomhaíochtaí iad lenar **cruthaíodh timpeallacht chomhoibríoch ina raibh na húdaráis ag obair le chéile, inar mhalartaigh siad eolas agus inar sainaithníodh dea-chleachtais** maidir le nósanna imeachta agus treoirlínte riaracháin, dlí agus córais TF an Aontais; agus c) **oiliúint a chur ar fáil lenar feabhsaíodh scileanna agus inniúlachtaí foirne agus ar acmhainneachtaí riaracháin**.

Agus an méid sin á dhéanamh, rannchuidigh an clár leis an **gcomhrac i gcoinne na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach** ós rud é gur fhág cáilíocht agus raon feidhme na faisnéise a cumasaíodh le bonneagar TF agus córais TF ar Fiscalis a mhaoinigh gurbh indéanta iad na seiceálacha a bhraith idirbhearta calaoiseacha féideartha, rud a d’fhág go raibh na húdaráis ag gníomhú go comhpháirteach. Dúirt na hagallaithe freisin gur oibrigh an malartú uathoibríoch faisnéise a chumasaigh EIS mar dhíspreagadh ar iompar calaoiseach agus dá bhrí sin gur chuidigh sé le calaois chánach, imghabháil chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac. Le EIS rinneadh laghdú ar chostais chomhlíonta agus tháinig méadú ar dheimhneacht dhlíthiúil d’oibreoirí eacnamaíocha, rud lenar méadaíodh comhlíonadh ginearálta na gcáiníocóirí agus lenar cuireadh ar a gcumas d’údarás agus oibreoirí eacnamaíocha laghdú a dhéanamh ar an am agus ar na hacmhainní a theastaíonn chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh Ina theannta sin, bhí thart ar 44 % de na tograí gníomhaíochta comhpháirtí uile a tíolacadh nasctha le calaois chánach, imghabháil chánach agus pleanáil

ionsaitheach chánach a chomhrac. Mhol cás-staidéir go bhféadfadh sé gur chuir Fiscalis le hioncam cánach breise, mar thoradh air sin.

**D'éascaigh an clár tuiscint níos fearr agus níos comhroinnte ar dhlí cánach an Aontais** i measc na n-údarás cánach agus na n-oibreoirí eacnamaíocha araon, rud a chuidigh **lena chur chun feidhme níos rianúla agus níos comhleanúnaí**. Gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus modúil oiliúna a bhí ceaptha go díreach chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhlí cánachais an Aontais agus ar a gcur chun feidhme, measadh go raibh siad an-úsáideach agus gur bhain siad amach an toradh a bhí beartaithe dóibh. Ar bhonn níos ginearálta, chothaigh an clár muinín idir oifigigh, ag cur malartuithe chun cinn a lean níos faide ná gníomhaíochtaí sonracha an chláir. Ar an iomlán, chuir sé le dea-fheidhmiú na gcóras cánach san Aontas.

Maidir le **malartú slán sonraí** idir riaracháin chánach náisiúnta agus le hoibreoirí eacnamaíocha agus le húdaráis rialtais eile, is féidir a fheiceáil gur **tháinig méadú leanúnach ar an méid sonraí a malartaíodh ó 2014** i leith, suas le 32.23 teiribheart in 2019 i gcomparáid le 4.3 teiribheart in 2014. Chabhraigh EIS leis na Ballstáit cumarsáid shlán agus éifeachtúil a dhéanamh le chéile agus, dá bhrí sin, tháinig méadú suntasach leanúnach ar **líon na dteachtaireachtaí a malartaíodh idir riaracháin trí na córais éagsúla a dtacaíonn an clár leo ó 2014 i leith**[6]. Thairis sin, **tháinig laghdú ar an ualach riaracháin ar riaracháin chánach agus ar ghnólachtaí** agus **fuarthas amach go raibh na costais chomhlíonta ar ghnólachtaí 95 % níos ísle** dóibh siúd a d'úsáid an córas TF ábhartha i gcomparáid leo siúd nár úsáid é.

**Maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha**, rinneadh breis agus 1500 gníomhaíocht chomhpháirteach, ina raibh níos mó ná 3,500 imeacht, le linn na tréimhse 2014-2020. D'fhan líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha Fiscalis 2020 ag leibhéal ard seasmhach, rud a d'fhág go raibh níos mó ná 30,000 rannpháirtí ann ar an iomlán. **Baineadh úsáid as cuairteanna oibre** chun go bhfaigheadh oifigigh saineolas cánach nó eolas cánach ar leith nó go méadófaí ar a gcuid saineolais cánach nó eolas cánach ar leith. Chomh maith leis sin, mhalartaigh na Ballstáit eolas agus eispéiris chánach trí **ghrúpaí tionscadail** a úsáidtear go minic chun EIS a phlé, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cé nach n-úsáidtear na **ceardlanna** chomh minic céanna, d'fhéach siad le nósanna imeachta riaracháin chánach a fheabhsú. Is éard a bhí i gceist le **gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta** den chuid is mó cúnamh teicniúil do roinnt Ballstát. Samplaí den chomhar riaracháin díreach idir údaráis chánach is ea **rialuithe iltaobhacha agus rannpháirtíocht i bhfiosruithe riaracháin**. Bhí meithleacha agus seimineáir ann le haghaidh córais shonracha TF nó chun faisnéis faoi dhlí cánachais an Aontais a chomhroinnt.

[6] Mar shampla, 14,000 teachtaireacht in 2020 vs. 12,800 teachtaireacht in 2017 do chórais a bhaineann le DAC1; 29,700 teachtaireacht in 2020 vs. gan ach 4,600 in 2017 do chórais DAC2; 992,292 teachtaireacht in 2020 vs. 689,839 teachtaireacht in 2017 don chóras MOSS.

Bhí rannpháirtithe agus bainisteoirí gníomhaíochta na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha dearfach maidir lena n-éifeachtacht agus a n-úsáideacht. Thug na hagallaithe le fios go raibh gach gníomh úsáideach agus gur cothaíodh an fhoghlaim fhrithpháirteach iontu. 93 % de na freagróirí, d'aontaigh siad gur thug a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha deis mhaith dóibh a líonra a leathnú thar lear i dtaca le hoifigigh (agus a dteagmháil leo). **Thuairiscigh 95 % de na rannpháirtithe gur roinn siad a n-eipéiris agus dhearbhaigh 77 % díobh go raibh athruithe/feabhsuithe ar chleachtais oibre a riaracháin mar thoradh ar mhalartuithe den sórt sin**. Tabhair faoi deara, in 2020, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, gur laghdaíodh an ráta rannpháirtíochta beagán mar gheall ar shrianta a forchuireadh agus mar gheall gur tháinig gníomhaíochtaí ar líne in ionad gníomhaíochtaí fisiciúla tar éis tamaill.

Mheas formhór mór na gcomhordaitheoirí Fiscalis a cuireadh faoi agallamh go raibh an **oiliúint** ríthábhachtach chun acmhainneachtaí riaracháin na riarachán a fheabhsú. Sholáthair an Coimisiún 267 modúl ríomhfhoghlama de chuid an Aontais agus d'eagraigh sé 141 sheisiún oiliúna scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh córais TF. Bhí scóir cháilíochta oiliúna na rannpháirtithe ard (meánscór 72.7 ar scála 0-100). Ar an gcaoi chéanna, an sciar de na hoifigigh cánach a mheas go raibh an oiliúint TF chomh maith agus a cheap siad a bheadh nó go raibh sí úsáideach, bíonn sé os cionn 90 % i gcónaí. Tá méadú ag teacht ar líon na n-oifigeach cánach a fuair oiliúint, ós rud é gur cuireadh oiliúint ar níos mó oifigeach cánach trí úsáid a bhaint as ábhair choiteanna de chuid an Aontais freisin i gcomhthéacsanna náisiúnta. **Chuir modúil ríomhfhoghlama oiliúint ar thart ar 130,500 rannpháirtí ó údaráis chánach agus beagnach aon mhilliún duine breise ó ghnólachtaí agus ón bpobal**.

Maidir leis na tíortha nach Ballstáit iad a cuireadh faoi agallamh, tugtar faoi deara gur mhór acu na gníomhaíochtaí comhpháirteacha le haghaidh deiseanna líonraithe, ach gur mheas siad nach raibh siad ag freastal go leordhóthanach ar a gcuid riachtanas, toisc go dtugann gníomhaíochtaí tús áite do thíortha an Aontas agus go raibh siad dírithe ar EIS nach bhfuil rochtain ag tíortha is iarrthóirí orthu.

## 2. Éifeachtúlacht: a mhéid a bhain an clár a chuspóir amach vis-à-vis na hacmhainní a úsáideadh

Agus meastóireacht á déanamh ar éifeachtúlacht, breathnaíodh sa staidéar seachtrach ar a mhéid a bhain acmhainní an chláir amach na torthaí a bhí beartaithe ar an mbealach is lú costas. Rinneadh iarracht na costais agus na sochair a mheas, agus nuair ab fhéidir, rineadh iarracht luach airgid a chur orthu. Cé go bhfuil costais ar fáil, tá sé níos deacra na sochair a chainníochtú. Rinneadh sainmhíniú na sochar a shainiú freisin sna hagallaimh a reáchtáladh le páirtithe leasmhara an chláir.

Gealladh buiséad EUR 222 milliún le haghaidh na tréimhse 2014-2020 ón gclár Fiscalis 2020. **Caitheadh thart ar 75 % den bhuiséad ar fhorbairt, cothabháil agus oibriú EIS chun críocha cánachais (EUR 168 milliún).** Ina theannta sin, thabhaigh na Ballstáit costais as

comhpháirteanna náisiúnta EIS a fháil, a fhorbairt, a shuiteáil, a chothabháil agus a oibriú ó lá go lá. Is féidir le páirtithe leasmhara eile (e.g. gnólachtaí, institiúidí airgeadais) costais a thabhú go hindíreach ar na córais sin. Is léir go bhfuil an bonneagar agus na córais chomhchoiteanna TF sin dian ar acmhainní. Mar sin féin, tá siad fíor-riachtanach d'obair laethúil na n-údarás riarachán agus soláthraítear leis réimse tairbhí i ngach réimse dá ngníomhaíochtaí. Léirigh na cás-staidéir a rinneadh mar chuid den mheastóireacht seo samplaí nithiúla de na tairbhí a bhí níos mó ná na costais do chórais shonracha. Tá nósanna imeachta caighdeánaithe agus simplithe ag EIS agus laghdaigh sé an t-ualach riaracháin ar údaráis agus ar ghnólachtaí, laghdaigh sé na costais chomhlíonta do ghnólachtaí, agus chuidigh sé le hidirbhearta calaoiseacha féideartha a bhrath. Trí na comhpháirteanna coiteanna do EIS a fhorbairt agus a oibriú, tá barainneachtaí scála tábhachtacha mar thoradh ar an gclár ar leibhéal an Aontais, d'áirithigh sé idir-inoibritheacht agus seachnaíodh dúbláil iarrachtaí do na Ballstáit. Mar thoradh air sin, le EIS bhíothas in ann faisnéis a mhalartú ar bhealach slán, tacaíodh le comhar riaracháin agus le hacmhainneacht riaracháin, lena n-éascaítear cur chun feidhme níos éifeachtaí agus cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí dhlí an Aontais maidir le cánachas agus an comhrac i gcoinne calaois chánach, imghabháil chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach. Thug an mheastóireacht léargas dearfach foriomlán ar a n-éifeachtúlacht.

**Chuir an clár Fiscalis 2020 tacaíocht airgeadais ar fáil do réimse leathan gníomhaíochtaí comhpháirteacha, arbh ionann é agus thart ar EUR 33 mhilliún (15 % de chistiú uile an chláir).** Bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna, measadh sa mheastóireacht gur rannchuidigh na gníomhaíochtaí comhpháirteacha go mór le cuspóirí an chláir. I measc na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha bhí seimineáir, ceardlanna, grúpaí tionscadail, rialuithe déthaobhacha nó iltaobhacha, gníomhaíochtaí comhair riaracháin eile, cuairteanna oibre, PAOEanna, gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachtaí agus foirne saineolaithe. Mar a dúradh, bhí níos mó ná 30,000 rannpháirtí ar an iomlán. Cé is moite d'fhoirne saineolaithe, chun rannpháirtíocht iomlán na dtíortha rannpháirteacha a áirithiú, bhíothas in ann aisíocaíocht a dhéanamh ar leibhéal 100 % de na costais incháilithe, idir chostais taistil, chostais chóiríochta agus chostais a bhaineann le himeachtaí agus liúntais laethúla a eagrú i gcás inar ghá cuspóirí Fiscalis 2020 a bhaint amach ina n-iomláine.[7] An meánchostas in aghaidh an rannpháirtí i gcás gach gníomhaíochta comhpháirtí (cé is moite d'fhoirne saineolaithe), d'fhan sé réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse le laghdú beag foriomlán le blianta beaga anuas, rud a d'fhéadfadh feabhas ar an éifeachtúlacht a chur in iúl. Bhí torthaí rialta suirbhé (suirbhé) ar chlár Fiscalis thar a bheith dearfach, rud a thugann le fios gur suntasach iad tairbhí na ngníomhaíochtaí dóibh siúd lena mbaineann. D'aontaigh formhór na n-údarás cánach gur mhó na tairbhí ná na costais. Measadh

[7] Tugtar faoi deara go mbaineann an cistiú le gné chomhoibríoch na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha i.e. le cistiú is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh más rud é go bhfuil an sí faoi shainchúram an chláir, ach in a lán cásanna is iad na húdaráis náisiúnta a bhíonn freagrach, den chuid is mó nó go hiomlán, as an ngníomhaíocht a eagrú. Féadfaidh an Coimisiún gníomhú mar thionscnóir ar Ghrúpaí Tionscadail, Ceardlanna agus Seimineáir Fiscalis, mar shampla, nó páirt a ghlacadh iontu, agus le MLCanna, níl aon rannpháirtíocht ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na forálacha i mbunús dlí ábhartha MLC.

gur mhór ab fhiú na hinfheistíochtaí comhpháirteacha: agus go raibh siad cost-éifeachtach agus na costais á meas i gcomparáid leis na torthaí a baineadh amach. Ní raibh rannpháirtíocht i bhfoirne saineolaithe inaisíoctha go hiomlán le Fiscalis 2020 (rinneadh costais taistil agus chothaithe a aisíoc ina n-iomláine, ach níor cumhdaíodh ach 50 % de na costais phearsanra). Mar sin féin, bhí na foirne saineolaithe sin ríthábhachtach agus cuid de na córais TF Fiscalis á bhforbairt, córais a bhféadfadh sé nárbh ann in aon chor dóibh gan na foirne saineolaithe. Tugann siad an deis do na Ballstáit acmhainní agus saineolas a chomhthiomsú, seachas gníomhú ar leithligh. Dá réir sin, bhí siad éifeachtach ó thaobh costais de. Ar an iomlán, cuireann gníomhaíochtaí comhpháirteacha feabhas ar an gcomhar riaracháin agus ar an acmhainneacht riaracháin agus tagann feabhas ar chaidrimh oibre i measc na rannpháirtithe. Chuidigh siad le taithí a mhalartú agus le dea-chleachtais a shainaithint le haghaidh nósanna imeachta riaracháin agus, dá réir sin, thacaigh siad le cur chun feidhme éifeachtach reachtaíocht chánach an Aontais agus le comhlíonadh méadaithe.

**Gealladh thart ar EUR 6.9 milliún le haghaidh comhoiliúna cánach**. Leithdháileadh formhór bhuiséad oiliúna Fiscalis 2020 (EUR 4.7 milliún) ar mhodúil ríomhfhoghlama. Chuir na modúil ríomhfhoghlama seo oiliúint ar 130,470 rannpháirtí ó údaráis chánach agus 941,938 duine breise ó ghnólachtaí agus ón bpobal. Dá bhrí sin, cosnaíonn na modúil oiliúna EUR 4.9 in aghaidh an duine ar a gcuirtear oiliúint, costas atá an-íseal. Dúirt na húdaráis chánach go raibh an ríomhfhoghlaim úsáideach agus éifeachtach chun a n-acmhainneachtaí a mhéadú, chomh maith le bheith cabhrach maidir le páirtithe leasmhara eile. Measadh gur méadaíodh ar a n-acmhainneacht riaracháin agus gur éascaíodh comhordú agus comhar na n-údarás cánach de bharr gníomhaíochtaí oiliúna eile Fiscalis a rinneadh mar chuid de ghrúpaí tionscadail nó de ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta (go háirithe oiliúint TF).

Ag eascairt as an meastóireacht mheántéarma, rinneadh iarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar na costais páipéarachais a bhaineann le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a nascadh, a thionscnamh agus aiseolas a thabhairt ina leith, agus chun nósanna imeachta agus acmhainní a bharrfheabhsú le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus an t-ualach oibre a choinneáil inláimhsithe, rud is cosúil a bheith le feiceáil sa leath dheireanach de Fiscalis 2020, ós rud é nár mheas aon tír rannpháirteach go raibh an t-ualach ró-ard i gcomparáid leis na tairbhí a bhaineann leo. Tugtar faoi deara gur mhol cúpla údarás nach bhfuil san Aontas go bhfuil a gcostais sách ard, i bhfianaise a mhéid is féidir leo a bheith rannpháirteach. D'fheicfeadh siad luach breise dá mba rud é go mbeadh rochtain acu ar níos mó gnéithe de na gníomhaíochtaí sin.

## 3. COMHLEANÚNACHAS: COMHLEANÚNACHAS AN CHLÁIR LE BEARTAIS AGUS TOSAÍOCHTAÍ NÍOS LEITHNE AN AONTAIS

Rinneadh anailís sa mheastóireacht ar a mhéid a bhí Fiscalis 2020 comhleanúnach le beartais níos leithne an Aontais agus le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais. Deimhníodh sa mheastóireacht deiridh conclúidí na meastóireachta meántéarma ar Fiscalis 2020, i.e. go raibh **gníomhaíochtaí an chláir** ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha foriomlána an Choimisiúin agus

go raibh siad comhleanúnach leo. Is cosúil freisin go bhfuil **Fiscalis 2020 comhleanúnach le hionstraimí comhchosúla eile.**

Is léir go bhfuil cuspóirí Fiscalis 2020 ailínithe leis an tosaíocht de chuid an Choimisiúin mar atá '**Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine**', a bhfuil sé d'aidhm aici '... dul i ngleic le mí-úsáid cánach, ioncam inbhuanaithe a áirithiú agus tacú le timpeallacht ghnó níos fearr sa Mhargadh Aonair.' Ina theannta sin, tá na gníomhaíochtaí a chistítear le Fiscalis 2020 comhleanúnach leis an tosaíocht de chuid an Choimisiúin mar atá '**Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach**', faoina bhfuil sé d'aidhm ag an gCoimisiún riaracháin phoiblí a nuachóiriú. Le Fiscalis, cistíodh forbairt, feabhsú agus cur chun feidhme bonneagar TF agus córas TF lenar féidir feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin údaráis chánach na dtíortha rannpháirteacha. Le déanaí, d'eisigh an Coimisiún **Pacáiste 2020 ar mhaith le cánachas cothrom simplí** ina bhfuil 25 thionscnamh cánachais chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an aistriú chuig geilleagar glas digiteach[8]. Beidh comharba chlár Fiscalis in ann tacú leis na tionscnaimh sin.

Fuarthas amach sa mheastóireacht gur **thacaigh an clár le cláir eile de chuid an Aontais agus gur thairbhigh sé díobh**. Tá comhlántachtaí agus sineirgí ann idir Fiscalis 2020 agus an **clár Custam 2020**. Is éifeachtúla atá de bharr go mbainistíonn an Coimisiún an dá chóras le chéile. Déantar roinnt gnéithe oibríochtúla a chomhchistiú leis an dá chlár agus tá na gnéithe sin ar fáil do riaracháin chustaim agus chánach araon. Is amhlaidh atá i gcás príomhchórais bonneagair TF amhail CCN nó ábhair choiteanna oiliúna. Is féidir barainneachtaí scála agus comhoiriúnacht córas a fhiosrú agus an tráth céanna, cuireann sé ar a gcumas do riaracháin chustaim agus chánach faisnéis a mhalartú agus eolas a chomhroinnt ar bhealach níos fearr. Bhí Fiscalis 2020 comhlántach freisin leis an **gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 2017-2020** agus sainaithníodh sineirgí. Mar shampla, d'fhéadfadh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach tacaíocht theicniúil shaincheaptha a chur ar fáil do dhúshláin a sainaithníodh trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha. Tá comhlántachtaí ann freisin idir Fiscalis 2020 agus **clár Hercule III** – atá á bhainistiú ag Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – gan forluí. Mar sin féin, d'ainneoin a chomhlántaí atá siad, is cosúil gur teoranta an comhar gníomhach nó sineirgí a lorgaítear go gníomhach idir an dá chlár.

Tá **ról ag clár Fiscalis freisin i gcláir le haghaidh tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha amhail TAIEX agus tá sé comhleanúnach le cláir den sórt sin**. Ghlac seacht dtír nach Ballstáit den Aontas iad páirt i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha agus i ngníomhaíochtaí oiliúna Fiscalis 2020 agus, dá réir sin, malartaíodh eolas agus dea-chleachtais le tíortha den Aontas. Dá thoradh sin, tharla athchóirithe i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lenar tacaíodh leis an bpróiseas aontachais agus lenar cuidíodh le muinín agus dea-thoil idir tíortha a chothú. Chuir agallaithe ó thíortha is iarrthóirí na buntáistí a bhaineann le rochtain ar an

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *An Action Plan for fair and simple Taxation Supporting the Recovery Strategy* [Plean Gníomhaíochta ar mhaithe le cánachas cothrom agus simplí lena dtacaítear leis an Straitéis Téarnaimh]: https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/default/files/2020_tax_package_tax_action_plan_en.pdf

dá ionstraim sin i dtábhacht, toisc gur measadh go raibh Fiscalis níos solúbtha, rud a sholáthar torthaí gearrthéarmacha, agus an tráth céanna, chuir TAIEX é ar a gcumas do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad próisis athchóirithe níos fadtéarmaí a shaothrú.

Baineadh úsáid as roinnt sásraí chun an comhleanúnachas sin a áirithiú idir cláir éagsúla de chuid an Aontais lena n-áirítear cruinnithe idirsheirbhíse, comhairliúcháin idirsheirbhíse, rannpháirtíocht breathnóirí ó sheirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiúin i gcruinnithe nó gníomhaíochtaí grúpa tionscadal, cláir oibre a chomhroinnt nó oifigigh ó sheirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiúin a roghnú chun measúnú a dhéanamh ar thograí tionscadail. D'ainneoin na dtorthaí dearfacha a chonacthas, aimsíodh sa mheastóireacht go bhféadfaí comhlántachtaí agus sineirgí breise a bhaint amach i réimsí áirithe amhail sa chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar chlár Hercule III.

## 4. BREISLUACH AE AN CHLÁIR

Is faoi na Ballstáit atá sé dlí an Aontais i réimse an chánachais a chur chun feidhme. Le bearta tacaíochta amhail na bearta a sholáthair clár Fiscalis 2020, is féidir rannchuidiú lena áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos comhsheasmhaí ar an leibhéal náisiúnta.

**Tá foráil déanta** i gclár Fiscalis 2020 maidir le **hinbhuanaitheacht airgeadais na gCóras Eorpach Faisnéise, rud atá ríthábhachtach chun infhaighteacht agus comhroinnt faisnéise a áirithiú.** B'éasca agus b'éifeachtúla an comhlíonadh de bharr an bhonneagair TF agus na gcóras TF. Agus é sin á dhéanamh, tháinig **barainneachtaí scála** agus **gnóthachain éifeachtúlachta agus leibhéil breise slándála** chun cinn de thoradh an chláir, rud a chuidíonn le riaracháin náisiúnta (agus le hoibreoirí eacnamaíocha) am agus acmhainní a shábháil, go háirithe i gcás tíortha rannpháirteacha a bhfuil riaracháin chánach níos lú agus níos lú acmhainní acu. Is breisluach AE iad idir-inoibritheacht agus idirnascacht an bhonneagair lárnaigh TF agus na gcóras lárnach TF agus na gnéithe siombóiseacha a bhaineann leo. Thairis sin, thacaigh forbairt na gCóras Eorpach Faisnéise le riaracháin náisiúnta chánach agus a gcórais agus a n-uirlisí inmheánacha a nuachóiriú agus a dhigitiú.

Sholáthair gníomhaíochtaí comhpháirteacha breisluach suntasach AE, rud a fhágann go bhfuil **deiseanna nach bhfuil a sárú ann ag na riaracháin le haghaidh comhair, cumarsáide agus líonraithe**. Tá ceardlanna, seimineáir, cuairteanna oibre, i measc nithe eile, tar éis saineolas agus eolas na dtíortha rannpháirteacha a chomhthiomsú, chabhraigh siad le húdaráis náisiúnta tuiscint níos fearr a fháil ar dhlí an Aontais, agus thacaigh siad le córais TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chuidigh siad le muinín agus comhar neamhfhoirmiúil a chothú tar éis na n-imeachtaí agus tháinig méadú ar chosúlacht na gcineálacha cur chuige agus na gcleachtas dá mbarr. Mar shampla, ceapadh roinnt athchóirithe cánach le cuidiú agus comhairle ó chomhordaitheoirí ó thíortha eile. Léirigh údaráis chánach, a sholáthair aiseolas dearfach comhsheasmhach faoi chumas na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha cuspóirí a bhaint amach, go dtiocfadh níos lú

gníomhaíochtaí as a n-acmhainní teoranta (am agus airgead) chun infheistíocht a dhéanamh i bpleanáil, eagrú agus tabhairt i gcrích na ngníomhaíochtaí sin murach Fiscalis.

Is amhlaidh atá i gcás gníomhaíochtaí oiliúna, go háirithe **modúil ríomhfhoghlama**, a chuir feabhas ar eolas na n-oifigeach ó riaracháin náisiúnta cánach agus a chuidigh, dá réir sin, le riaracháin náisiúnta chánach tuiscint níos fearr a fháil ar reachtaíocht chánach an Aontais agus ar na nósanna imeachta lena mbaineann agus iad a chur chun feidhme ar bhealach níos aonfhoirmí. Cuidíonn siad freisin le cumas na n-oifigeach oibriú leis na córais TF. Tá feabhas curtha acu ar acmhainneacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na riarachán. Ba mhó an breisluach a sholáthair modúil ríomhfhoghlama a chistigh Fiscalis ná na rannpháirtithe ós rud é gur úsáideadh iad go hinmheánach freisin chun daoine a mhúineadh, mar shampla. Is fianaise [9] é an líon mór daoine a fuair oiliúint gur measadh go raibh siad úsáideach. Is dócha nach bhforbrófaí na gníomhaíochtaí agus modúil oiliúna sin, nó ar a laghad nach bhforbrófaí an oiread céanna iad agus go ndéanfadh na húdaráis uile amhlaidh, mura mbeadh Fiscalis i bhfeidhm. Bheadh siad a bheith ró-chostasach, mura ndéanfaí ar mhórscála iad. Chuidigh an oiliúint le muinín a bhunú agus fís chomhroinnte a chruthú.

Ar bhonn na fianaise a cuireadh i láthair agus scála ghníomhaíochtaí an chláir, is cóir a rá gur murach Fiscalis, ní bheadh an scála agus an raon feidhme céanna ag na Córais Eorpacha Faisnéise, ag gníomhaíochtaí comhpháirteacha ná ag an oiliúint a bhí ríthábhachtach maidir le dlí cánachais an Aontais a chur chun feidhme agus maidir le calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac. Is dócha go mbeadh comhar ann ach bheadh sé míchothrom agus bunaithe ar chaidreamh neamhstruchtúrtha agus ar bhealaí agus ar chomhaontuithe cómhalartachta níos fadálaí. Ba dheacair an ilfheimheacht chéanna sna hábhair a bhaint amach, mar aon leis an ngné Eorpach agus an rannpháirtíocht uile-Eorpach i ngníomhaíochtaí agus in oiliúint a tugadh faoi deara le Fiscalis 2020. Cé go bhféadfadh iarrachtaí déthaobhacha nó iltaobhacha a bheith ann, ní thairbheoidís de na barainneachtaí scála a ghin Fiscalis agus ba mhó an costas agus an t-am a bhainfeadh le gníomhaíocht na n-údarás náisiúnta a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun. I dtaca leis na Córais Eorpacha Faisnéise, áirithíodh le Fiscalis 2020 go ndéanfaí bonneagar agus córais TF den sórt sin a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn leanúnach. Murach Fiscalis, bheadh an baol ann go n-imeodh siad as feidhm nó go gcuirfí deireadh leo de dheasca easpa acmhainní agus na costais mhóra a bhaineann leo á gcur san áireamh. Chaillfí na barainneachtaí scála agus na laghduithe ar chostais fhoriomlána.

Tá aschuir fhollasacha cruthaithe ag Fiscalis 2020 de thoradh na gcóras idirnasctha agus an mhalartaithe chomhsheasmhaigh faisnéise agus chuidigh sé le hoifigigh i riaracháin chánach scileanna a fhoghlaim agus eispéiris a mhalartú trí bhíthin raon leathan gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus oiliúna. Is dócha go rachadh go leor de ghníomhaíochtaí agus d'aschuir an

[9] Sonraí ríomhfhoghlama ó AS TAXUD

chláir i léig agus go gcuirfí deireadh leo sa mheántéarma ar a laghad i gcomparáid leis an scála agus leis an raon feidhme atá ann faoi láthair. Rachadh na líonraí atá ann faoi láthair idir riaracháin chánach a tógadh thar na blianta i léig. Dá thoradh sin, ní bheadh cur chun feidhme dhlí an Aontais ag teacht le chéile an oiread céanna agus bheadh tuilleadh deiseanna ag gníomhairí eacnamaíocha leas a bhaint as an easpa comhordaithe thar theorainneacha mar 'lúba ar lár' chun cánacha a sheachaint nó calaois a dhéanamh. Ní féidir dul i ngleic leis na dúshláin calaoise cánach mura mbreathnaíonn na Ballstáit níos faide ná teorainneacha a gcríoch riaracháin féin nó mura dtéann siad i ndlúthchomhar le contrapháirtithe.

Agus an digitiú, an domhandú agus an ghluaiseacht oibrithe ag dul i méid, éireoidh cur chun feidhme dhlí cánach an Aontais agus an comhrac i gcoinne na calaoise, na seachanta agus na pleanála ionsaithí cánach níos tábhachtaí de réir a chéile agus dá thoradh sin, is dócha go leanfaidh breisluach an chláir de bheith ag méadú.

## 5. ÁBHARTHACHT AN CHLÁIR

Nuair a chuirtear an domhandú agus an digitiú le chéile, cruthaítear deiseanna nua agus tugtar dúshláin nua ar chumas na gcóras cánach ioncam cánach a bhailiú. Cruthaítear leo bealaí nua oibre (an obair hibrideach agus an chianobair) agus bealaí nua gnó a dhéanamh (gan láithreacht fhisiciúil) nach bhfuil ag teacht go hiomlán leis an mbealach a gceaptar córais chánach go fóill agus leis an mbealach a ndéanann na húdaráis chánach a gcuid gníomhaíochtaí. Ina theannta sin, tá an seans go dtiocfaidh deiseanna nua seachanta cánach nó imghabhála cánach chun cinn mura gcoinníonn riaracháin chánach agus córais chánach suas leis na hathruithe.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin den sórt sin, glacadh raon athruithe reachtacha a bhaineann le cúrsaí cánach cheana féin le linn na tréimhse 2014-2020 agus thacaigh gníomhaíochtaí Fiscalis 2020 go dlúth le cur chun feidhme na dtionscnamh sin. Mar shampla, ghabh tabhairt isteach córas MOSS, mar a thugtar air, le hathruithe in 2015 ar an riail CBL maidir leis an áit soláthair, chun trádáil trasteorann i seirbhísí digiteacha a éascú. Tugadh isteach na Treoracha maidir le Comhar Riaracháin chun an malartú uathoibríoch faisnéise idir riaracháin chánach a éascú agus chun íocaíocht chothrom cánacha a áirithiú le haghaidh cáiníocóirí (cáiníocóirí aonair nó eintitis) a ghineann ioncam le gníomhaíochtaí trasteorann. Rinneadh obair ullmhúcháin chun tacaíocht TF a thabhairt isteach do chur chun feidhme na treorach maidir le ríomhthráchtáil, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2021.

Tá an treocht ann fanacht ann, agus beidh ar údaráis agus ar oibreoirí eacnamaíocha coinneáil suas le domhan atá ag éirí níos domhandaithe agus níos digitithe an t-am ar fad. Cuirtear i dtábhacht leis sin an gá atá le comhar i measc na riarachán cánach agus acmhainneachtaí riaracháin na n-údarás náisiúnta a neartú agus, dá bhrí sin, **ábharthacht an chláir chun tacú leis na Ballstáit agus nósanna imeachta á ndigitiú agus á nuachóiriú acu**. I bhfianaise an ratha a bhí air roimhe seo, meastar go mbeidh cláir Fiscalis amach anseo ábhartha i gcónaí chun malartú faisnéise, comhar agus comhordú na mBallstát a éascú trí chórais TF, gníomhaíochtaí

comhpháirteacha agus oiliúint agus leis sin, go rannchuideoidh siad le feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh sa chomhthéacs sin.

Agus ábharthacht á meas, breathnaíodh sa mheastóireacht ar riachtanais na riarachán náisiúnta cánach agus na n-oibreoirí eacnamaíocha. Léiríodh sa mheastóireacht deiridh **go leanann an clár fós de bheith ábhartha agus riachtanach.** Go deimhin, measadh go raibh Fiscalis 2020 **an-ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin na riarachán cánach agus chun a riachtanais a chomhlíonadh**. Tuairiscíodh go raibh an bonneagar TF agus na córais TF an-ábhartha d’obair laethúil na n-oifigeach cánach, toisc gurb iad sin na príomhardáin chumarsáide trínar féidir leis na Ballstáit sonraí ábhartha a mhalartú chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac agus chun dlí an Aontais a chur chun feidhme. Cothaítear leis sin cúnamh agus comhordú frithpháirteach. Meastar go bhfuil oiliúint agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha ábhartha freisin chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin amhail forbairt eolais agus líonrú. Trí fhaisnéis a mhalartú, dea-chleachtais agus treoirlínte, tacaíonn Fiscalis le ceapadh beartas agus le cur i bhfeidhm níos cothroime agus níos intuartha dhlí an Aontais agus leis an gcomhrac in aghaidh calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach. Tá cothrom na Féinne agus an iomaíocht chóir ríthábhachtach d’**oibreoirí eacnamaíocha** chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh. Ina theannta sin, d’fhéadfadh ualach iomarcach riaracháin agus costais iomarcacha a bhaineann le comhlíonadh cánach cosc a chur ar gnólachtaí áirithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh, go háirithe thar theorainneacha. Measadh go raibh córais TF Fiscalis ábhartha go háirithe d’oibreoirí eacnamaíocha, ós rud é gur fhág siad go raibh an comhlíonadh níos simplí trí fhaisnéis a chur ar fáil go héasca nó mar shampla an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide, craoltóireachta agus leictreonacha a mhaolú ós rud é nach raibh gá tuairisceáin CBL a chomhdú i ngach tír ina soláthraítear seirbhísí (agus comhlíonadh cánach a mhéadú).

Mhol roinnt údarás cánach go bhféadfadh Fiscalis tacú le bunachar sonraí a chruthú maidir le forbairtí reachtacha na mBallstát i réimse an chánachais, lena gcumhdófaí forbairtí atá ag teacht chun cinn a dhéanann difear do chúrsaí cánachas amhail airgeadraí fíorúla. Léirigh comhordaitheoirí Fiscalis i dtíortha is iarrthóirí a theoranta a bhí a n-acmhainneacht tairbhe iomlán a bhaint as gníomhaíochtaí a chistigh Fiscalis ós rud é go raibh sé dírithe ar an Aontas. Anuas air sin, níl rochtain ag na tíortha sin ar na córais TF uile, rud a chuireann isteach ar a gcumas páirt a ghlacadh i ngnéithe oiliúna gaolmhara.

## 6. CONCLÚIDÍ AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Léiríodh sa mheastóireacht go raibh an clár éifeachtach chun a chuspóirí a bhaint amach mar atá malartú slán faisnéise a chumasú, tacú le comhar riaracháin agus feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin na dtíortha rannpháirteacha. Dá réir sin, thacaigh sí freisin le cur chun feidhme reachtaíocht chánach an Aontais chun calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac.

Rannchuidigh Fiscalis 2020 le feabhas a chur ar chomhar trastíre agus acmhainneacht riaracháin na n-údarás cánach trí bhonneagar agus córais TF AE a fhorbairt agus a chothabháil, trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha agus trí ghníomhaíochtaí oiliúna coiteanna. Rannchuidigh Fiscalis le cineálacha cur chuige níos comhchuibhithe agus le nósanna imeachta simplithe, lenar íslíodh ualaí riaracháin agus lenar laghdaíodh an costas a bhaineann le comhlíonadh le haghaidh cáiníocóirí.

Trí bhíthin an bhonneagair agus na gcóras TF ar chuidigh sé lena bhforbairt agus lena gcothabháil, chuir Fiscalis feabhas ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar mhalartuithe slána faisnéise. Trí sheiceálacha de láimh a ionadú agus trí úsáid a bhaint as ardanailísí sonraí agus trí sheiceálacha trastíre níos éasca a chumasú, bhíothas in ann cásanna calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint ar bhealach níos éifeachtúla. D'fhéadfadh sé go raibh éifeacht díspreagtha aige freisin, gur chuir sé méadú ar chomhlíonadh agus go ndearna sé calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach a chosc. Cé gur deacair cúisíocht a shuí, léiríodh sa staidéar meastóireachta go bhfuil an chuma ar roinnt de na príomhtháscairí maidir le calaois chánach, imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach go bhfuil feabhas tagtha orthu le linn fhad an chláir.

Léirigh an fhianaise a ndearna an meastóir seachtrach measúnú uirthi gur chothaigh gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus oiliúint comhar i measc na n-údarás cánach agus gur chuir siad spás ar fáil chun smaointe a mhalartú i measc contrapháirtithe má sainaithníodh riachtanas sonrach. Chruthaigh siad líonraí le haghaidh údaráis chánach rannpháirteacha (lena n-áirítear líonraí neamhfhoirmiúla a mhair tar éis imeachtaí an chláir), lenarbh fhéidir tuilleadh comhordaithe agus comhroinnte eolais a dhéanamh, lenar cothaíodh foghlaim fhrithpháirteach agus a d'fhág, i gcásanna áirithe, comhar trastíre agus athchóirithe cánach á gcur chun feidhme. De bharr comhroinnt faisnéise agus aistriú eolais a cumasaíodh faoin gclár, rannchuidíodh le tuiscint níos fearr agus níos forleithne ar an reachtaíocht agus, dá bhrí sin, lena cur chun feidhme níos comhleanúnaí. I bhfocail eile, soláthraíonn clár Fiscalis creat chun gníomhaíochtaí comhair (gníomhaíochtaí comhpháirteacha) a fhorbairt le húdaráis rannpháirteacha a bhfuil, i roinnt cásanna, freagracht mhór orthu as na gnéithe éagsúla de ghníomhaíocht chomhpháirteach a eagrú.

Ó thaobh na héifeachtúlachta de, agus d'ainneoin na ndeacrachtaí maidir le luach airgid a chur ar shochair agus maidir le cúisíocht a shuí, measadh gurbh fhiú na hacmhainní a infheistíodh in Fiscalis 2020 agus sna gnéithe de nuair a chuirtear na torthaí a baineadh amach san áireamh. I bhfocail eile, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur sholáthair an clár luach le haghaidh an Aontais agus na n-údarás náisiúnta cánach ar chostas réasúnta. Bhí Fiscalis 2020 ailínithe agus comhleanúnach le cuspóirí foriomlána polaitiúla an Choimisiúin, go háirithe leis an straitéis Eoraip 2020. Cuireadh in oiriúint go solúbtha é do thosaíochtaí a bhí ag athrú agus do reachtaíocht nua, rud lenar chomhlíon sé a ról mar chlár cistiúcháin a thacaíonn le cur chun feidhme dhlí an Aontais maidir le cánachas.

Measadh sa mheastóireacht gur dócha go leanfaidh Fiscalis de bheith ina uirlis ábhartha ar leibhéal an Aontais chun na spriocanna mar atá tacú le cur chun feidhme reachtaíocht chánach an Aontais agus tacú leis an gcomhrac i in aghaidh na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach a bhaint amach i ndomhan atá ag athrú mar gheall ar an aosú, an digitiú agus an domhandú, i measc fadhbanna eile atá ina ndúshláin do chórais chánach agus do riaracháin chánach dá bhrí sin. Go deimhin, is ionstraim ábhartha i gcónaí é Fiscalis chun forbairt, cur chun feidhme agus oibriú bonneagair agus córas TF i réimse an chánachais a chistiú, agus barainneachtaí scála á bhfiosrú an tráth céanna. Tá siad dian ar acmhainní agus ba dheacair do na tíortha uile an raon feidhme agus an scála céanna a sholáthraíonn an clár AE a bheith acu. Léiríodh go bhfuil Fiscalis úsáideach freisin chun comhordú agus foghlaim fhrithpháirteach a chumasú ó thír go chéile. Imríonn córais TF, gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus gníomhaíochtaí oiliúna ar fad a ról féin, ar bhealach comhlántach, maidir le cuspóirí Fiscalis a bhaint amach. Treisíonn gnéithe Fiscalis a chéile. Léiríodh sa mheastóireacht go raibh comhaontú forleathan i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara go raibh gá le Fiscalis 2020 agus go raibh sé ábhartha agus gur fhreagair sé do riachtanais na bpríomhghníomhaithe. Dá bhrí sin, measadh ceapadh an chláir a bheith oiriúnach dá fheidhm agus ba cheart é a choinneáil.

Mar sin féin, léiríodh sa mheastóireacht freisin roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh. Léiríonn na torthaí go bhfuil tairbhí ag baint leis na córais TF a ndearnadh measúnú orthu sa staidéar, ar mó iad ná na costais, i dtéarmaí simplithe, brath calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann agus chomhlíonadh dhlí an chánachais. Mar sin féin, is lag an fhianaise atá ann maidir leis na costais agus na tairbhí lena mbaineann, agus d'fhéadfadh sé gurbh fhiú don Choimisiún agus do na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun costais agus tairbhí na n-infheistíochtaí a rinneadh a thomhas ar chaoi níos fearr. D'fhéadfadh sonraí níos cuimsithí maidir le costais (infheistíochtaí i gcórais TF) agus tairbhí (ioncam ó cháin a bailíodh, an simpliú) a bheith ina gcúis le beartú tosaíochta breise agus le cinnteoireacht bhreise. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb éard atá sa chuid is mó de na costais a d'iompair clár Fiscalis i réimse TF 27 gcóras ilchineálacha TF a idirnascadh trí theachtaireachtaí a mhalartú seachas réitigh lárnacha a fhorbairt a bhí bunaithe ar chomhroinnt sonraí. Tá an cinneadh ailtireachta sin ag teacht leis an mbunús dlí a comhaontaíodh atá leis na Córais Eorpacha Faisnéise Cánachais chomhfhreagracha. Mar sin féin, d'fhéadfadh costais níos airde ar leibhéal an Aontais agus teorannú na hacmhainne próiseála sonraí a bheith ina dtorthaí air agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an gcóimheas costais/tairbhí.

Ina theannta sin, measadh sna tuarascálacha meastóireachta gur cheart do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bheith in ann páirt a ghlacadh i sraith níos leithne gníomhaíochtaí toisc go bhfuil siad an-ábhartha agus an-iomchuí, rud a fhágann go bhfuil a gcuid infheistíochtaí airgeadais níos fónta fós. Tabhair do d'aire go bhfuil bearta déanta ag seirbhísí an Choimisiúin cheana féin chun aghaidh a thabhairt air sin i gclár nua Fiscalis 2021-2027, trína áirithiú go seolfar cuirí chuig tíortha rannpháirteacha nach Ballstáit den Aontas iad, mura bhfuil údar lena mhalairt.

Ina theannta sin, cé gur measadh go raibh Fiscalis 2020 comhleanúnach agus comhsheasmhach le tosaíochtaí an Aontais agus gur chomhlánaigh sé go hiomchuí cláir chistiúcháin eile amhail Custam 2020 agus an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (dá ngairtear an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil anois), d'fhéadfaí feabhas a chur ar shineirgí le Hercule III. Measadh gur mhaith é an comhordú laistigh den Choimisiún ach cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar a thábhachtaí atá sé leanúint de bhealaí a fhiosrú chun comhordú níos fearr a dhéanamh le seirbhísí eile i bhfianaise domhan atá ag athrú go tapa.

Léiríodh sa mheastóireacht freisin go leantar den obair a dhéanamh i dtéarmaí chur chun feidhme na moltaí ón meastóireacht mheántéarma agus le haghaidh an todhchaí. Tar éis na meastóireachta meántéarma, chuir an Coimisiún plean inmheánach gníomhaíochta ar bun ina bhfuil 13 réimse gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na 13 mholadh, lena n-áirítear 48 bhfoghníomhaíocht. Faoi mhí an Mhárta 2022, cuireadh formhór mór (75 %+) na ngníomhaíochtaí chun críche agus tá roinnt acu fós ar siúl. Le bheith sonrach, is iad 'Faireachán agus tuairisciú' agus 'Cumarsáid' an dá réimse is mó ina bhfuil obair fós ar siúl. Aithníonn an Coimisiún an méid sin agus féachfaidh sé le haghaidh a thabhairt orthu faoi chur chun feidhme chlár Fiscalis 2021-2027 nó faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Féachfaidh an Coimisiún freisin leis an gClár a fheabhsú agus a choigeartú go leanúnach i bhfianaise réaltachtaí nua de réir mar is ábhartha sa bhreis ar na moltaí a áirítear sa mheastóireacht seo agus go háirithe i bhfianaise na meastóireachta meántéarmaí a dhéanfar amach anseo.